CHARM-EU
CHallenge-driven Accessible Research-based Mobile European University

Co-funded by the Erasmus+ Programme of the European Union

# Lámhleabhar maidir le Straitéisí Teagaisc agus Foghlama

WP4.3

Sanne van Vugt, Silvia Gallagher, Jan Haarhuis, Alex Lodder, Annet van der Riet, Antonie van Harteveld, Dimitra Mousa, Vanessa Viganò, Daniel Griffin, Jake Byrne, Krisztina Lénárt, Nora Németh Tartsayné, Márta Turcsányi-Szabó, Patricia Cucchi, Mária Hercz, Gloria Rubert, Gabriel Hervás, Oriol Pujol.

**Achoimre Feidhmiúcháin**

Cuimsítear sa Lámhleabhar maidir le Straitéisí Teagaisc agus Foghlama (T&F) na huirlisí/acmhainní nithiúla d'acadóirí chun cláir agus modúil/cúrsaí nó buaic-chúrsaí a sheachadadh. Is féidir le stiúrthóirí na gclár agus comhordaitheoirí na modúl nó na mbuaic-chúrsaí, leis an bhfoireann tacaíochta agus leis an bhfoireann acadúil an lámhleabhar a úsáid. Tugtar léargas sa lámhleabhar ar na hacmhainní agus na huirlisí atá ag teastáil d'aistriúchán teagascach agus praiticiúil na hoideolaíochta agus a sholáthar, bunaithe ar na Prionsabail Oideachais agus ar na Treoirlínte Oideolaíochta. Cuimsíonn sé seicliostaí oideolaíochta, leideanna, pleananna agus nithe le breithniú a dhéanamh orthu i leith dearadh modúil nó buaic-chúrsa. Tá mionsonraí sa doiciméad seo maidir le cur chuige teagaisc agus foghlama le haghaidh CHARM-EU.

**Réamhrá (100 focal ar a mhéad)**

Féachtar le CHARM-EU an cine daonna a réiteach i ndáil leis an bplainéad trí ollscoil na todhchaí a chruthú. Is é aidhm an lámhleabhair seo cuidiú le teagascóirí agus le geallsealbhóirí eile clár nó modúl CHARM-EU a dhearadh agus a chur chun feidhme. Agus clár CHARM-EU á fhorbairt, ba cheart breathnú sa lámhleabhar seo mar threoir. Cuimsítear eolas, teimpléid, agus naisc chuig uirlisí idirghníomhacha sa lámhleabhar seo. Eascraíonn an t-eolas sa léamhleabhar seo ó dhearadh, forbairt agus cur chun feidhme clár Máistreachta píolótach CHARM-EU i nDúshláin Dhomhanda don Inbhuanaitheacht. Is féidir an acmhainn seo a thuiscint mar 'chroí-acmhainn' a nascann na hacmhainní teagaisc agus foghlama uilig a rinne Pacáiste Oibre 4 a fhorbairt idir 2019 agus 2022 (lena n-áirítear roinnt acmhainní ó Phacáistí Oibre 5 (Soghuaisteacht) agus 6 (cuimsitheacht) a bhaineann le teagasc agus le foghlaim).

**Príomhphointí (400 focal ar a mhéad)**

Cuimsítear na rannóga seo a leanas sa Lámhleabhar maidir le Straitéisí Teagaisc agus Foghlama: Ag tosú amach, Modúl CHARM-EU a dhearadh, agus Modúl a sholáthar. Léireoimid anois na heilimintí is tábhachtaí de na rannóga seo.

**Ag Tosú Amach**

- Tá struchtúr uathúil ag CHARM-EU ina bhfuil 3 chéim don teagasc agus foghlaim; Ullmhúchán, Solúbtha agus Buaic.
- Léiríonn prionsabail oideachais CHARM-EU na treoirchoincheapa a thacaíonn le heispéireas oideachasúil CHARM-EU a dhearadh agus a sholáthar: foghlaim trí dhúshláin a réiteach, oideachas atá á threorú ag taighde, oideachas atá bunaithe ar thaighde, an inbhuanaitheacht san oideachas, foghlaim le cuidiú teicneolaíochta, foghlaim atá dírithe ar mhic léinn, foghlaim chomhthéacsaithe, inniúlacht traschuraclaim, idirdhisciplíneachas, an fhoghlaim thrasnáisiúnta agus idirchultúrtha, cuimsitheacht.
- Is grúpa comhoibríoch acadóirí, taighdeoirí agus aisteoirí seach-acadúla í Foireann Táirgthe Eolais (KCT) a oibríonn i gcomhar lena chéile laistigh de réimse leathan téamaí ildhisciplíneacha chun ábhar oideachais agus tionscnaimh taighde a tháirgeadh. Is iad seo a leanas róil eile teagaisc agus foghlama in CHARM-EU: meantóir, teagascóir, saineolaithe, geallsealbhóirí seachtracha, agus mic léinn.
- I gclár measúnaithe CHARM-EU tá príomhthábhacht le forbairt an mhic léinn thar tréimhse níos faide, mar aon le béim ar fhoghlaim agus ar mhic léinn a spreagadh chun a gcuid spriocanna foghlama féin a leagan síos. In CHARM-EU, sonraímid 3 leibhéal measúnaithe: measúnuithe modúil, comhairle ó mheantóirí agus paschinneadh.
- Is éard is cuimsitheacht ann ná go mbraitheann grúpaí nó daoine difriúla a bhfuil cúlraí difriúla, cúinsí éagsúla agus a dtaithí saoil féin acu braistint muintearais, go bhfuil meas orthu, go nglactar leo sa sochaí, go bhfuil fáilte rompu agus go gcaitear leo gan idirdhealú. (…) Tá sé de cheart ag gach duine chun rochtana agus rannpháirtíochta, ní gníomh cineáltais atá i gceist. (…) (Fazekas, 2018). Sonraítear i bPróiseas Measúnaithe CHARM-EU ar Riachtanais agus Comhréitigh Aonair na comhréitigh agus moltaí réasúnta ar cheart a chur ar fáil do mhic léinn i gcaitheamh chlár CHARM-EU.
- Déanann CHARM-EU an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta, mic léinn agus an fhoireann san áireamh, a chomhtháthú go diongbháilte ina chuid gníomhaíochtaí. Is gné éigeantach den chomhchlár máistreachta í an chéim shoghluaisteachta do mhic léinn. Eagraíonn

Ollscoileanna Comhpháirtíochta CHARM-EU Dianchláir Chumaiscthe (BIP) i rith Chéim 2. Is clár gearr é Dianchláir Chumaiscthe a bhfuil mír fhíorúil agus mír ar an láthair aige (5-30 lá de shoghluaisteacht fhisiciúil).

I measc an mhéid a bhaineann le **modúl CHARM-EU a dhearadh,** tá eolas ann maidir le Torthaí Foghlama an Chláir (PLO) agus Réimsí PLO (an inbhuanaitheacht, an t-idirdhisciplíneachas, dúshláin a réiteach, comhar, cumarsáid, scoláireacht, scileanna digiteacha, agus forbairt phearsanta agus phroifisiúnta. Tá tábla ann freisin le huirlisí le haghaidh modúl CHARM-EU a dhearadh.

**Modúl a sholáthar**

- Baineann CHARM-EU úsáid as cur chuige hibrideach i leith modúl a sholáthar. Measctar dhá chur chuige leis an gcineál seo foghlama; mic léinn ag leanúint oideachas ar an gcampas agus mic léinn eile ag leanúint an oideachais seo fíor-ama ar líne - ó champas eile nó ón mbaile.
- Is cnuasach feidhmchláir éagsúla í Timpeallacht Fhíorúil Foghlama CHARM-EU chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Is iad Moodle, Scorion (r-phortfóiló), agus Microsoft Teams croí-ardáin na Timpeallachta Fíorúla Foghlama.
- Baineann CHARM-EU úsáid as Comhoifig Fhíorúil Riaracháin atá freagrach as príomhphróisis riaracháin, eagrúcháin agus airgeadais na Máistreachta, agus Ollscoil Eorpach CHARM.